Gaelscoil Naomh Pádraig

Cód Iompair

Clár:

1. Teideal
2. Réamhráiteas
3. Réasúnaíocht
4. An Gaol le Spiorad Tréitheach na Scoile
5. Aidhmeanna
6. Treoirlínte (ábhar an bheartais)
7. Fealsúnacht
8. Gradaim agus Smachtbhannaí
9. An Ghaeilge
10. Módhanna chun Iompair a Thaifead
11. Daltaí le Riachtanais Bhreise
12. Clós na Scoile - Eolas Ginearálta
13. Straitéisí chun déileáil le hiompar nach bhfuil inghlactha
14. Fionraí taobh amuigh den scoil
15. An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais-Má tá do pháiste as láthair
16. Critéir Rathúlachta
17. Rólanna agus Freagrachtaí
18. Dáta le haghaidh Cur i nGníomh
19. Clár-ama Athbhreithnithe
20. Daingniú agus cumarsáid
21. Dearbhú

1. Teideal

Cód Iompair

2. Réamhráiteas

Déanadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo i Mí Feabhra 2009, Meán Fómhair & Deireadh Fómhair 2013, Mí na Samhna 2019 agus arís i Mí na Samhna 2023. Cuireadh faoi bhráid Coiste na dTuismitheoirí agus foireann teagaisc na scoile é. Rinneadh an Bhord Bainistíochta an polasaí athbhreithnithe a dhaingniú i Mí na Nollag 2023.

3. Réasúnaíocht

Shocraigh Gaelscoil Naomh Pádraig ar athbhreithniú a dhéanamh ar a Cód Iompair mar

- Is príoreacht é seo d'fhoireann iomlán na scoile
- Bhí athbhreithniú agus leasú le déanamh ar an bpolasaí atá ann cheana féin.
- Is riachtanas é faoi Chiorclán 20/90 na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le Disciplín Scoile
- NEWB (An Bord Náisiunta leasa Oideachais): Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna (2008)

4. An Gaol le spiorad tréitheach na scoile

Cuireann Gaelscoil Naomh Pádraig fáilte roimh gach páiste mar dhuine aonarach agus sé ár bhfís dóibh ná a dtréithe agus a mbuanna dúchasacha a aithint agus a fhorbairt, a bhfiosracht agus a spéis san fhoghlaim a mhúscailt agus a bhféiniúlacht a cheiliúradh i suíomh spreagadh gaelaigh.

Beifear ag súil go mbeadh iompar neamhspleách freagrach ag na daltaí le béim á chur ar na luachanna atá á bhforbairt, ar luachanna ar nós: meas a léiriú, a bheith cabhrach, cineálta, macánta, foighneach, tuisceanach srl. i dtimpeallacht shocair a mheallann iad.

Tá sé tábhachtach go mbeadh comhoibriú iomlán idir an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí na scoile chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

5. Aidhmeanna

Is mian leis an scoil na haidhmeanna a leanas a bhaint amach:

- Go bhfeidhmeoidh an scoil ar bhealach ordúil, socair ina mbíonn atmaisféar dearfach cairdiúil inti
- D'fhonn an timpeallacht foghlama a fheabhsú agus go mbeidh sé ar chumas na ndaltaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbairt
- Chun atmaisféar a chruthú ina mbíonn meas, caoinfhulaingt agus tuiscint i leith daoine eile, óg agus aosta
- Chun iompar dearfach agus féin-smacht a chruthú i measc na bpáistí agus chun aitheantas a thabhairt do dhifríochtaí sóisialta, fisiciúla, acadúla agus creidimh agus an gá atá le freastal ar na difríochtaí seo.
- Go mbeadh sé ar chumas na scoile sábháilteacht agus leas na mball go léir de phobal na scoile a chinntiú
- Chun cuidiú le tuismitheoirí agus daltaí na córais agus nósanna imeachta atá mar chuid den Chód Iompair a thuiscint agus a gcomhoibriú agus na beartais sin á gcur i ngníomh a iarradh
- Go gcinntítear go gcuirtear an córas rialacha, gradam agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom, leanúnach

6. Treoirlínte (ábhar an bheartais)

- Tá sé fíor thábhachtach go mbeadh mothú láidir pobail agus chomhoibriú ón bhfoireann go léir, ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí d'fhonn an cód seo a chur i ngníomh
- Aithníonn Gaelscoil Naomh Pádraig an éagsúlacht difríochtaí a bhíonn idir leanaí agus an gá atá le freastal ar na difríochtaí sin.
- Cleachtais ginearálta le haghaidh iompair bunaithe ar spiorad tréitheach na scoile
    - Bítear ag súil go mbíonn dea-iompar ag gach leanbh agus go mbíonn siad cineálta agus cabhrach le leanaí eile agus le daoine fásta
    - Bítear ag súil go mbíonn na páistí macánta agus cuirfear béim ar an bhfírinne a insint i gcónaí
    - Bítear ag súil go léiríonn gach páiste meas d'fhearas na scoile, d'fhearas leanaí eile agus dá fhearas féin
    - Bítear ag súil go bhfreastalaíonn gach páiste ar scoil ar bhonn rialta agus go mbíonn siad in am gach maidin
    - Bítear ag súil go ndéanann gach páiste an iarracht is fearr ar scoil agus sa bhaile i gcás go mbíonn obair bhaile á dhéanamh
    - Bítear ag súil go mbeidh gach páiste néata agus glan agus go gcaithfidís a n-éadaí scoile i gcónaí

- Dea-chleachtais don seomra ranga, don chlós, do thimpeallacht na scoile a chruthaíonn atmaisféar dearfach maidir le foghlaim, iompar agus gaisce na ndaltaí

<u>Timpeallacht an Ranga/na Scoile</u>

- Déantar cinnte go mbíonn ealaín, scríbhneoireacht agus obair na ndaltaí ar taispeáint sna seomraí ranga, sna pasáistí agus sa halla
- Déantar cinnte go dtabharfar moladh do pháistí maidir lena ngaiscí pearsanta féin.
- Mínítear do na daltaí na gnáth-rialacha ranga agus déantar gach iarracht a chinntiú go bhfuil tuiscint acu orthu
- Tríd an dea-shampla a léiriú do pháistí, déanann foireann na scoile nósanna ar leith a mhúnlú do na páistí. Múintear do dhaltaí na scoile nósanna ar nós an doras a choinneáil ar oscailt chun scaoileadh le daoine eile siúl ar aghaidh, agus seasamh siar do chuairteoirí agus do dhaoine fásta sna pasáistí.
- Crochtar fógraí sna pasáistí le cur i gcuimhne do na daltaí gur chóir dóibh siúl timpeall na scoile agus gur chóir dóibh a bheith ciúin agus socair sna pasáistí.
- Crochtar fógraí Gaelacha chun Gaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí.
- Múintear do na daltaí conas cluichí sábháilte comhoibrithe a imirt chun cabhrú leo a bheith cairdiúil agus cineálta sa chlós

7. <u>Fealsúnacht</u>

***Am Ciorcail* le Jenny Mosley (Agúisín A - Ár Rialacha Órga)**

Leantar an Fhealsúnacht Am ciorcail le Jenny Mosley sa scoil. De réir na fealsúnachta *Am Ciorcail* cuirtear an-bhéim ar ghaolmhaireachtaí dearfacha a fhorbairt i measc na bpáistí. Forbraítear dea-chaidreamh idir dhaoine nuair a léirítear meas ar a chéile agus grá dá chéile. Léiríonn na Rialacha Órga an meas a bhímid ag súil le spreagadh iontu. Bíonn na Rialacha Órga ar taispeáint sna seomraí ranga.

Bíonn Am Ciorcail ag gach rang uair in aghaidh na seachtaine. Tá an clár leagtha síos sa leabhair le Jenny Mosley. Tugann an t-am seo deis do na leanaí cleachtadh a dhéanamh ar rólanna éagsúla agus ar a gcuid mothúcháin a nochtadh. Is am ar leith é a spreagann féinmhuinín, dea-chaidreamh agus moladh a thabhairt do pháistí as ucht a n-iarrachta na rialacha órga a leanúint. Seo am ar leith gur féidir leis na daltaí taitneamh agus spraoi a bhaint as na gníomhaíochtaí is fearr leo a bheith páirteach ann.

Scileanna Réiteach Fadhbanna **(Clár Incredible Years) (Agúisín B & C - Réiteach Fadhbanna I nGSNP)**

Ag tarraingt ón gclár 'Incredible Years', d'aontaigh foireann agus pobal na scoile ar théarmaíocht ar leith do pháistí na scoile le n-úsáid chun tacú leo iarracht tabhairt faoi fadhbanna nó easaontais eatarthu féin a réiteach. (Féach Agúisín B & C)

'Sé an príomhsprioc ná na páistí a chur ar a gcumais na scileanna a bheadh cabhrach dóibh a shealbhú ionas gur féidir leo iarracht a dhéanamh tabhairt faoi fadhbanna a réiteach

'Sé an réasúnaíocht ná go mbeidh na páistí aireach faoi shaghasanna difriúil de mhothúcháin go bhféadfadh duine éigin a mhothú (m.sh: eagla, fearg, ar bís, náere, brón agus buairt) agus go mbeidh an teanga/foclaíocht/téarmaíocht acu le dul i ngleic lena chéile chun iarracht tabhairt faoi fadhb a réiteach

Tá an polasaí seo ceangailte le polasaithe eile, cláir éagsúla agus ábhar curaclaim ar nós, an clár OSPS agus na cláir reiligiúin I nGrá Dé, an Clár Bí Sábháilte (leasaithe), an clár Misneach a fhorbraíonn dea-chaidreamh. Déanfar gach iarracht polasaí a chur i bhfeidhm a fhreastalaíonn ar riachtanais gach páiste.

- Tá **Beartas Frithbhulaíochta** sa scoil. Leanfar na céimeanna atá leagtha síos sa bheartas seo le cásanna bulaíochta a fhiosrú.
- **Sainmhíniú ar Bhulaíocht:** I gcomhréir le Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013), seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht: An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.
- Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

8. <u>Gradaim & Smachtbhannaí</u>

Cuirtear béim níos mó ar ghradaim seachas ar smachtbhannaí. Seo imlíne ar na gradaim agus smachtbhannaí a bhíonn i bhfeidhm:

<u>Samplaí de Ghradaim a chuirtear i bhfeidhm</u>

- Moladh ó bhéal
- Am Órga
- Greamáin a thabhairt
- Pas obair bhaile a thabhairt

- Bord ciúin speisialta a eagrú sa rang
- Labhairt leis na tuismitheoirí
- Nóta molta a chur abhaile
- Páiste na seachtaine - Grianghraf a chrochadh
- Cinnirí a roghnú le poist speisialta a dhéanamh
- Páistí a chur chuig an bpríomhoide le moladh a fháil
- Duaiseanna coincréiteacha/teastais/cártaí mholta a thabhairt
- *Córas labhairt na Gaeilge chun daltaí na scoile a spreagadh - Bronntar cárta ar dhaltaí go rialta*

Samplaí de Smachtbhannaí a chuirtear i bhfeidhm

- Am a chailliúint ó Am Órga nó pribhléidí eile a chailliúint (i gcáscanna a bhaintear am órga - bíonn deis ag na páistí an t-am a thuilleadh ar ais)
- Pointí a chailliúint ó Bhoird
- Páiste a bhogadh ó bhord go bord eile
- Páiste a chur ina suí leo féin
- An páiste a chur chuig rang eile ar feadh tréimhse

9. An Ghaeilge

Is scoil lán Ghaelach í Gaelscoil Naomh Pádraig agus is í an Ghaeilge teanga cumarsáide na scoile, sa rang, sa chlós agus i dtimpeallacht na scoile. Tá dhá shaghas cárta againn sa scoil faoi láthair:

(i) cárta chun daltaí na scoile a spreagadh Gaeilge a labhairt agus an cruinneas a fheabhsú. Baintear úsáid as an gcóras seo ag bun na scoile (ranganna Naíonáin Bheaga - Ranganna 2)

(ii) Cárta a bhronntar ar dhalta mura bhfuil aon iarracht á dhéanamh aige/aici Gaeilge a labhairt. Baintear úsáid as an gcóras seo ó Ranganna 1 go Ranganna 6.

Córas chun daltaí a spreagadh: Bunranganna - Naíonáin Bheaga - Rang 2 (Agúisín D)

Tá córas na gcártaí i bhfeidhm ar an gclós agus timpeall na scoile chun daltaí na scoile a spreagadh Gaeilge a labhairt. Bronntar cárta ar dhalta i gcásanna go dtugtar faoi ndeara go bhfuil iarracht á dhéanamh Gaeilge a labhairt nó go dtugtar faoi ndeara go bhfuil an dalta ag iarraidh an cruinneas a fheabhsú. Bronntar 2 chárta in aghaidh an lae ar chlóis na mBunranganna (Clós N1 & N2 & Clós R1 - R2). Comhraítear líon na gcártaí atá buaite ag gach rang ag tionól na scoile go coicísiúil. Tugtar aitheantas don rang leis an líon is mó cártaí tríd:

- 10 nóiméad Am Spraoi breise a thabhairt (Ranganna na Naíonán - R2)

Céimeanna a leantar mura bhfuil dalta ag déanamh iarracht Gaeilge a labhairt Ranganna 1 - 6 (Agúisín E)

1. Má labhraíonn páiste i Rang 1- 6 as Béarla gan aon iarracht, tugtar cárta bán dó/di. Caithfidh an múinteoir a bheireann ar an bpáiste ag labhairt i mBéarla, an cárta a shíniú chomh maith leis an bpáiste, múinteoir ranga agus tuismitheoir. Caithfidh an múinteoir a bheireann ar an bpáiste, dáta a scríobh isteach ar an liosta ranga sa leabhar eachtra. Cuirtear an leas príomhoide ar an eolas agus cláróidh an leas príomhoide sa leabhar eachtra é.
2. Má bheirtear ar pháiste ag labhairt i mBéarla an dara huair, tugtar cárta oráiste dó/di ansin. Caithfidh an múinteoir a bheireann ar an bpáiste ag labhairt i mBéarla an cárta a shíniú chomh maith leis an bpáiste, múinteoir ranga agus tuismitheoir. Caithfidh an múinteoir a bheireann ar an bpáiste, dáta a scríobh isteach ar an liosta ranga sa leabhar eachtra. Cuirtear an leas príomhoide ar an eolas agus cláróidh an leas príomhoide sa leabhar eachtra é.
3. Má bheirtear ar pháiste ag labhairt i mBéarla an tríú uair, tugtar cárta dearg dó/di ansin. Caithfidh an múinteoir a bheireann ar an bpáiste ag labhairt i mBéarla an cárta a shíniú chomh maith leis an bpáiste, múinteoir ranga agus tuismitheoir. Caithfidh an múinteoir a bheireann ar an bpáiste, dáta a scríobh isteach ar an liosta ranga sa leabhar eachtra. Cuirtear an leas príomhoide ar an eolas agus cláróidh an leas príomhoide sa leabhar eachtra é. Nuair a fhaigheann an páiste an tríú cárta (cárta dearg), caithfidh sé/sí dul chuig an bPríomhoide. Labhróidh an príomhoide leis an bpáiste agus rachaidh an príomhoide i dteagmháil leis na tuismitheoirí chun cruinniú a eagrú agus an cás a phlé. Cuirfear smachtbhanna i bhfeidhm agus tabharfar gníomh don dalta chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb (m.sh: *Smachtbhanna:* scaradh sealadach ón rang; *Gníomh: Tabharfar gníomh praiticiúil (ról soiléir) don dalta atá bainteach le daltaí eile a ghríosadh Gaeilge a labhairt.*
4. Má bheirtear ar pháiste ag labhairt i mBéarla arís, tugtar an dara chárta dearg dó/di. Filfear go chaibidil 12 sa pholasaí seo: ‘Céimeanna chun déileáil le hiompar nach bhfuil inghlactha.

- **Ainmneacha na bPáistí**

  Bíonn rogha ag na tuismitheoirí an leagan Gaelach d’ainm an pháiste a úsáid ar scoil. Cuirtear an leagan in iúl do thuismitheoirí roimh dóibh áit a ghlacadh dá bpáiste sa scoil agus cuireann siad an scoil ar an eolas faoin leagan den ainm is fearr leo.

10. <u>Modhanna chun Iompair a Thaifead:</u>

An Múinteoir Ranga:

- ***<u>Teagmháil leis an mbaile:</u>*** Cuirfear nótaí abhaile tríd an gCóras SeeSaw nó sa dhialann obair bhaile chun cumarsáid a dhéanamh leis an mbaile nuair is gá. Is gá go mbeadh cumarsáid idir an tuismitheoir agus an múinteoir chun fadhbanna iompair a phlé agus iarracht a dhéanamh iad a réiteach.

- ***<u>Taifead a Choinneáil:</u>*** Ba cóir d’oidí gach eachtra a thuairiscú, fiú más beagthábhachtach féin í, tríd nóta a ghlacadh le dáta sonraithe, i gcóipleabhar caighdeánach a dháiltear amach do gach múinteoir ranga ag tús na bliana acadúla. Má

leanann dalta ar leith ar aghaidh le droch iompar go leanúnach, beidh clárú ann de phátrún iompar. Más iompar leanúnach (atá ag tarlúint arís is arís eile) atá i gceist, deileáilfear leis an droch iompair tríd na nósanna imeachta sa pholasaí frithbhulaíochta.

- ***Leabhar Eachtra (Monatóireacht ar an Iompar ar an gclós):*** Tá liosta ranga d' ainmneacha na ndaltaí atá i ngach rang greamaithe isteach i leabhar eachtra do chlós na n-ardranganna (R4 - R6) agus liostaí ranga i leabhar eachtra do chlós na meán-ranganna (R1 - R3). Cuirfear 'tic' agus 'dáta' in aice le haon dalta atá i mbun droch iompair. Cuirfear 'asterix' agus 'dáta' in aice le h-aon dalta atá ag fulaingt dá bharr. Roinnfear an t-eolas idir an múinteoir atá ag maoirseacht ar an gclós agus an múinteoir ranga nuair a thagann an múinteoir ranga amach chun a rangsa a bhailiú.

- ***Nótaí ó thuismitheoirí/chaomhnóirí faoi iompar/bhulaíocht***: Caithfear fótacóip a dhéanamh d'aon litir a thagann isteach ó thuismitheoir ag déanamh tagairt do pháiste eile a bheith i mbun droch iompair. Cuirfear dáta ar an litir agus nóta beag más gá. Cuirfear an cóip den litir i gcód an pháiste.

An Príomhoide: Nuair a chuirtear páiste chuig an bpríomhoide coinneoidh an P.O. cuntas den eachtra a tharla agus leanfar an próiseas leagtha amach thuas.

11. Daltaí le Riachtanais Breise

Go hiondúil, leantar na céimeanna atá leagtha síos sa pholasaí seo chun deileáil le hiompar atá inghlactha. É sin ráite, i gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfaí go gcuirfí múinteoirí a mbreithiúnas ghairmiúil i gcleachtadh agus iad ag iarraidh an Chód Iompair seo a chur i bhfeidhm.

Ó am go h-am, is gá céimeanna difreáilithe ar leith a leanúint nuair a bhíonn páiste le dúshlán breise iompair i gceist de bharr na riachtanais atá aige/aici. Chuige seo, le cead an tuismitheora, cuireann an scoil filteán le chéile le bileog eolais a mhíníonn na céimeanna gur chóir a leanúint i gcásanna mar seo. Déanfar gach iarracht an fhoireann scoile a choimeád ar an eolas faoi aon chás ar nós seo ina mbeadh ar fhoireann na scoile céimeanna difriúla a leanúint

'Sé ceann de na príomh fócais a mbeidh ag múinteoirí agus múinteoirí tacaíochta atá ag obair le páiste le riachtanais breise ná, iarracht na rialacha atá i bhfeidhm sa scoil a mhúineadh don pháiste chun deis a thabbairt dó/di iad a thusicint agus a shealbhú.

Coinneofár tuistí aon dalta le riachtanais breise ar an eolas faoi dhul chun cinn a n-iompair go rialta, agus féadfar go mbeadh ionchur an tuismitheora riachtanach chun aontú ar straitéisí a chuirfear i bhfeidhm chun tacú leis an bpáiste an iompar a fheabhsú.

D'fhéadfaí go mbeadh tacaíocht á fháil ó sheirbhísí seachtracha ar nós NEPS, an SENO nó oifigí eile san NCSE, nó an SESS.

12. Clós na Scoile - (Eolas Ginearálta & Cúrsaí Iompair)

- Múintear do na daltaí cluichí comhoibrithe gur féidir leo a imirt sa chlós.
- Déantar cinnte go dtuigeann na daltaí na rialacha agus spreagtar na daltaí a bheith cothrom san imirt
- Mínítear do na daltaí cén áit gur féidir leo imirt sa chlós agus tugtar am faoi leith do gach rang
- Cuirtear i gcuimhne do na daltaí gur chóir dóibh siúl i dtimpeallacht na scoile nuair atá siad ag teacht agus ag imeacht ón scoil.
- Córas an chloig ag am lóin

  An Chéad Chlog: Stopann na páistí ag gníomhú
  An Dara Clog: Siúlann na páistí go dtí an líne
  An Tríú Clog: Seasann na páistí sna línte go socair. Bíonn cead ag an páistí labhairt go ciúin lena chéile fad is go bhfanann siad ina línte ranga

(Clós na mBunranganna: Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra)

Tá sé intuigthe i Ranganna na Naíonán go mbíonn na daltaí ag foghlaim scileanna sóisialta agus pearsanta. Bíonn siad ag foghlaim conas gníomhú mar chuid de ghrúpa mór ranga. Cuirtear na Rialacha Órga in oiriúint dá leibhéal forbartha agus leantar na gradaim agus na smachtbhannaí atá sonraithe sa pholasaí seo le dea-iompar a chothú. I gclós na naíonán muna bhfuil iompar an pháiste sásúil; labhraíonn an múinteoir ranga leis an bpáiste ag iarraidh orthu stop a chur leis an ndroch iompair. Muna gcuireann an páiste stop leis an ndroch iompair:

- Cuireann an múinteoir atá ar an gclós an páiste chuig an sconsa ar feadh cúig nóiméad.
- Tar éis 5 nóiméad is féidir leis an bpáiste dul ag spraoi sa chlós arís
- Má leanann an páiste ar aghaidh ag dul i mbun droch-iompair arís, caithfidh sé/sí dul ar ais chuig an sconsa don chuid eile d'am spraoi.

13. Céimeanna chun déileáil le hiompar nach bhfuil inghlactha

Bíonn ar an bPríomhoide labhairt leis an bpáiste ón tús ó am go h-am i gcásanna áirithe.

Leantar na céimeanna thíos, má tá an múinteoir ranga ag deileáil le chás iompair ón tús:

(a) Déanann an múinteoir ranga réasúnaíocht leis an dalta.
(b) Cuirfear an tuismitheoir ar an eolas trí cumarsáid a dhéanamh tríd SeeSaw nó nóta a scríobh nó glaoch guthán más eachtra dháiríre é
(c) Má leanann an droch-iompair ar aghaidh cuirfear smachtbhanna i bhfeidhm ar nós: *Scaradh sealadach ó chomhaoiseanna, ó chairde nó eile / Cailliúint phribhléidí /*

Coinneáil istigh le linn sosa / Obair bhreise a bhaineann leis an eachtra a tharla a thabhairt

(d) I gcásanna ina rinne an múinteoir ranga réasúnaíocht leis an bpáiste agus gur lean an iompar ar aghaidh, eagrófar cruinniú leis an dtuismitheoir/gcaomhnóir chun an cás a phlé.

(e) Má leanann an droch-iompair ar aghaidh, cuirtear an páiste chuig an bPríomhoide. agus leanfar na céimeanna thíos:

Leanfar na céimeanna seo I gcásanna go mbíonn ar an bPríomhoide deileáil leis an iompair inghlactha :

(f) Déanann an Príomhoide réasúnaíocht leis an dalta. Cuirfear an tuismitheoir ar an eolas trí glaoch guthán a chur nó nóta a scríobh. I gcásanna gur eachtra ró-dháiríre atá i gceist, leanfar na céimeanna seo a leanas ina gcuirfear smachtbhanna i bhfeidhm: *Scaradh sealadach ó chomhaoiseanna, ó chairde nó eile / Cailliúint phribhléidí / Coinneáil istigh le linn sosa / Obair bhreise a bhaineann leis an eachtra a tharla a thabhairt. Chomh maith le sin, Tabharfar gníomh praiticiúil don dalta atá bainteach leis an saghas droch-iompair atá i gceist, a thacóidh leo foghlaim conas iad féin a iompú i mbealach cuí.*

(g) Má leanann an droch-iompair ar aghaidh, glaofar na tuismitheoirí ag cruinniú leis an bPríomhoide agus múinteoir ranga chun an cás a phlé (conas gur féidir tacú leis an bpáiste). Cuirfear smachtbhanna i bhfeidhm ar nós: *Scaradh sealadach ó chomhaoiseanna, ó chairde nó eile / Cailliúint phribhléidí / Coinneáil istigh le linn sosa / Obair bhreise a bhaineann leis an eachtra a tharla a thabhairt. Tabharfar gníomh praiticiúil don dalta atá bainteach leis an saghas droch-iompair atá i gceist, a thacóidh leo foghlaim conas iad féin a iompú i mbealach cuí.*

(h) Cuirtear clár tacaíochta ar bun leis an iompar a fheabhsú

(i) Cuirfear an páiste ar fionraí in-scoile. (Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an páiste thuas go trí lá iomlán scoile i seomra ranga le haois ghrúpa eile, gan teagmháil a dhéanamh lena gcairde féin.

(j) Mura mbíonn feabhas ar an iompar i ndiaidh don pháiste a bheith curtha ar fionraí tiocfaidh Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta agus an Príomhoide le chéile chun an cás a phlé le tuismitheoirí an dalta agus d'fhéadfaí an páiste a dhíbirt ón scoil ar feadh tréimhse ama.

(k) I gcás go léiríonn páiste dímheas ar údarás na scoile, ó bhéal nó le geáitsíocht cuirfear díreach chuig an príomhoide é/í, déanfar teagmháil le tuismitheoirí an dalta agus cuirfear ar fionraí in-scoile é/í láithreach.

(l) Nuair atá sábháilteacht na ndaltaí i mbaol i gcásanna tromchúiseacha go gcuirfear an bpáiste díreach chuig an príomhoide é/í, déanfar teagmháil le tuismitheoirí an dalta agus cuirfear ar fionraí in-scoile é/í láithreach.

14. <u>Fionraí taobh amuigh den scoil:</u>

- Is féidir leis an bpríomhoide páiste a chur ar fionraí taobh amuigh den scoil suas go trí lá, (tréimhse thar trí lá caithfear dul i gcomhairle leis an mbord).
- Is é deich lá an t-uasmhéid gur féidir a ghearradh ar pháiste in aon thréimhse amháin.
- Is é fiche lá an t-uasmhéid gur féidir a ghearradh ar pháiste i rith scoilbhliain amháin.
- Ba chóir don Bhord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar mholadh ar bith chun dalta a chur ar fionraí, i gcás gurb ionann an fionraí iomlán agus níos mó ná fiche lá as láthair sa scoilbhliain reatha. Tá fionraí mar seo faoi réir alt 29 den Acht Oideachais 1998.

- Ciallaíonn na forálacha gur féidir leis an mbord bainistíochta an fhreagracht deiridh a ghlacadh maidir leis na smachtbhannaí ar feadh tréimhsí fada, go háirithe mar go bhféadfadh a leithéid seo d'fhionraí fiche lá as láthair i scoilbhliain a shroicheadh agus mar sin go bhfeadfaí achomharc a dhéanamh.
- Má dhéantar cinneadh páiste a dhíbirt go buan ón scoil nó a chur ar fionraí ar feadh níos mó ná 20 lá sa bhliain, cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas faoina gcearta dleathúla de réir Alt 29 den Acht Oideachais 1998.

15. An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais-Má tá do pháiste as láthair

- *Má tá tinneas ar pháiste ba chóir don tuismitheoir/Caomhnóir nóta a scríobh chuig an mhúinteoir ranga ag míniú an asláithreacht nuair a thagann an páiste ar ais ar scoil. Tá ar an múinteoir ranga cuntas a choimeád do gach asláithreacht. Is féidir an nóta a scríobh ar leathnaigh atá leagtha amach sa dialann obair bhaile nó i nóta pearsanta (N1 & N2).*
- *Más gá an scoil a chur ar an eolas faoin ásláithreacht ar an lá céanna moltar don tuismitheoir/Caomhnóir teagmháil le oifig na scoile má tá a pháiste/páiste as láthair (is féidir é seo a dhéanamh trí ghlaoch a chur ar Pauline nó r-phost a sheoladh) rachaidh Pauline i dteagmháil leis an múinteoir ranga chun an nuacht a thabhairt di/dó.*
- *Má tá impleachtaí ann do pháistí eile na scoile ba chóir don tuismitheoir/caomhnóir teagmháil a dhéanamh leis an scoil ar an lá don tinneas nó chomh luath is gur féidir (m.sh. tinneas atá tógálach)*
- *Má tá tinneas fad thréimhseach i gceist bar chóir don tuismitheoir/caomhnóir teagmháil a dhéanamh leis an scoil*
- *Má thagann an páiste ar ais ar scoil gan nóta cuirfidh an múinteoir ranga nóta i ndialann an pháiste (R1 - R6) nó nóta caighdeánach i gcásanna na Naíonán. (*Féach aguisín 1)*
- *Má tá an páiste as láthair ar feadh 15 lá nó níos mó téann an múinteoir ranga i dteagmháil leis an tuismitheoir/ Caomhnóir chun é seo a chur in iúl dóibh.*
- *Má tá an páiste as láthair 20 lá nó níos mó cuirfear nóta caighdeánach abhaile chun é seo a mhíniú le hinsint don tuismitheoir/caomhnóir go bhfuil sé de dhualgas ag an scoil sonraí na n-asláithreachtaí a chur ar aghaidh chuig TUSLA agus más cúis imní don scoil é an asláithreacht cuirfear é seo in iúl don Bhord.*

16. Critéir Rathúlachta

Breathnófar ar thoradh an bheartais seo de réir:

- Aischothú dearfach ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí
- Breathnú ar iompar i seomraí ranga, i ndorchlaí agus sa chlós

17. Rólanna agus Freagrachtaí

- Déanfaidh an príomhoide comhordú agus monatóireacht ar chur i ngníomh an bheartais seo.
- Bíonn an múinteoir ranga freagrach as monatóireacht ranga agus clóis, as cuntais a choinneáil, as teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí, as ucht plean iompair aonarach a chur ar fáil don pháiste, as ucht rialacha órga a mhúineadh, scileanna agus téarmaíocht a bhaineann le réiteach fadhbanna a phlé, am ciorcail a stiúradh agus gach iarracht suíomh dearfach foghlama a chothú sa rang. Bíonn an múinteoir freagrach as na céimeanna ó (a - e) atá leagtha amach i gcaibidil 12 (mar atá sonraithe sa pholasaí seo` a leanúint.

- Tá an príomhoide freagrach as na céimeanna (f - l) i gCaibidil 12 a chur i bhfeidhm (mar atá sonraithe sa pholasaí seo), as comhairle a thabhairt do thuismitheoirí maidir le dea-chleachtais smachta sa bhaile agus tacaíocht a lorg don pháiste más gá. Titeann an fhreagracht ar Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus an Príomhoide páiste a chur ar fionraí.
- Bíonn na daltaí páirteach i ngach céim. Bíonn siad freagrach as a n-iompar féin. Cuirfear ar chumas an pháiste a thuiscint go leanfar na céimeanna a bhaineann le straitéisí chun deighleáil le hiompair nach bhfuil inghlactha, atá leagtha síos i gCaibidil 12. Caithfear glacadh leis na céimeanna agus iarracht a dhéanamh an iompar a fheabhsú más gá.
- Tá an tuismitheoir/caomhnóir freagrach as tacaíocht a thabhairt don Chód Iompair seo. Nuair a shíníonn an tuismitheoir/caomhnóir an Dearbhú ag bun an pholasaí seo (Cuid 20), tá sé/sí ag cur in iúl go nglacann sé/sí le gach cuid den bpolasaí seo. Bítear ag súil go mbeidh comhoibriú idir an tuismitheoir/caomhnóir agus an scoil le fadhbanna iompair a pháiste-sa a réiteach.

18. Dáta le haghaidh Chur i nGníomh

Cuirfear an beartas seo i bhfeidhm ón 8ú lá de Mhí Eanáir 2024 ar aghaidh.

19. Clár-ama Athbhreithnithe

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú an bheartais nua sa bhliain acadúil 2024/25 agus leasófar é más gá.

20. Daingniú agus Cumarsáid

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an beartas leasaithe seo go hoifigiúil ar an 11 Nollaig 2023. Déanfar an beartas daingnithe a chur os comhair na dtuismitheoirí ag an gcruinniú bliantúil. Cuirtear an beartas ar fáil do gach iarrthóir nua agus iad ag clárú.

Síniú an Chathaoirligh:_____ Síniú an Phríomhoide:_____

Dáta:_____ Dáta:_____

21. Dearbhú

Dearbhaím gur léigh mé an beartas seo agus go nglacaim leis.

Ainm/Ainmneacha na ndaltaí _____

Síniú an Tuismitheora: _____

Dáta: _____